Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 5

# Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.27 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a chur i dtoll a chéile ar leag An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe amach iad i gCiorclán 22 de 2023, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas á ullmhú seachas na nithe seo a leanas.

***Costais ghinearálta fhabhraithe***

Ríomhtar costais fhabhraithe dlí ginearálta ag úsáid ceann de na critéir seo a leanas.

- Maidir le costais a bronnadh, a comhaontaíodh agus a socraíodh roimh 28 Feabhra na bliana dár gcionn, fabhraítear iad ag an méid ar socraíodh iad.
- socraitheMaidir le costais a bronnadh ach nár socraíodh iad faoin 28 Feabhra, fabhraítear iad bunaithe ar mheastachán a chuireann san áireamh castacht na n-imeachtaí, an bille costas a cuireadh isteach agus an taithí atá againn ar shocraíochtaí go dtí seo.

***Táillí fabhraithe don abhcóide***

- Cuimsíonn táillí fabhraithe ar chostais abhcóide foráil ghinearálta d'éisteachtaí nár tuairiscíodh don Oifig laistigh de dhá mhí ó dheireadh na bliana. Tá an ríomh bunaithe ar mheánleibhéal na dtáillí sin a tháinig chun cinn sna trí bliana roimhe sin.

***Sócmhainní doláimhsithe***

Tá sócmhainní caipitil deighilte ina ndá chomhpháirt ar aghaidh an ráitis ar an staid airgeadais agus sna nótaí gaolmhara, Sócmhainní doláimhsithe agus Maoin, gléasra agus trealamh. Tá saolréanna fóinteacha agus rátaí amúchta gaolmhara na n-aicmí móra sócmhainní doláimhsithe measta mar seo a leanas.

| *Aicme na Sócmhainne* | *Saol fóinteach* | *Ráta amúchta* * |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 5 bliana | 20% |

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is ar bhonn leanúnach a choinnítear caoi ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus bíonn a éifeachtacht faoi athbhreithniú gcónaí.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith cheanglaisan chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhís chomhroinnte (m.sh. Acmhainní Daonna) a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe a fuarthas ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

**Timpeallacht rialaithe airgeadais**

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta leagus iad cuntasach iontu dá réir.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo na heilimintí seo a leanas.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann faoina ndéantar buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Oifig.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Mar bhonn eolais faoina hobair tá anailís ar na rioscaí airgeadais, dá bhfuil an Oifig nochta, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, ar mise a cheadaíonn iad, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go mbíonn gcloítear leis an dea-chleachtas cuí maidir le soláthar agus dámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chuir an Oifig sonraí ar fáil maidir le cúig chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**Creat rioscaí agus rialaithe**

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí don Oifig agus tá siad seo sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár dhá uair sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht ann do bhaill foirne shonracha as rialuithe a fheidhmiú.

**Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don lucht bainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inar iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

**Athbhreithniú ar éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

**Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais**

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2023 a bheadh de cheangal iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Marion Berry**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

4 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 – Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 5 – Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PhleanForbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Bím i mbun cainte leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus agus níl aon tuairim dhearbhaithe le cur in iúl agam ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním ann aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Soláthar seirbhís ionchúisimh | | | | |
| | *Bunaidh* | 56,078 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,500 | | | |
| | | | 60,578 | 59,445 | 50,878 |
| **Ollchaiteachas** | | | **60,578** | **59,445** | **50,878** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **760** | **899** | **831** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 55,318 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,500 | | | |
| | | | **59,818** | **58,546** | **50,047** |

**Farasbarr**

Maidir le farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm, tá sé faoi dhliteanas é a thabhairt suas don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le tabhairt suas** | **1,271,848** | **1,229,759** |

**Marion Berry**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

4 Márta 2024

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 35,544 | 29,500 |
| Pá | | 20,484 | 18,483 |
| Neamhphá | | 3,417 | 2,895 |
| **Ollchaiteachas** | | **59,445** | **50,878** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 899 | 831 |
| **Glanchaiteachas** | | **58,546** | **50,047** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (Nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (112) | | |
| Dímheas | 61 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 14 | | |
| | | (37) | (68) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| (Méadú)/laghdú ar fhardail | 3 | | |
| (Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí | (41) | | |
| Méadú/(laghdú) ar chostais fhabhraithe | 267 | | |
| | | 229 | 975 |
| **Caiteachas díreach** | | **58,738** | **50,954** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,042 | 3,145 |
| Measchíosanna | | 2,025 | 2,025 |
| **Glanchostas an chláir** | | **63,805** | **56,124** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 5 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vote 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 2,201 | 2,431 |
| Vote 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 573 | 468 |
| Vote 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 26 | 22 |
| Vote 20 | Garda Síochána | 242 | 224 |
| | | **3,042** | **3,145** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 166 | 129 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | 166 | 129 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 886 | 952 |
| Fardail | 2.4 | 64 | 67 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 285 | 244 |
| Mhéideanna dochair eile | 2.6 | 496 | 390 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,731** | **1,653** |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 3,442 | 3,175 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 1,363 | 1,326 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 19 | 16 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **4,824** | **4,517** |
| **Glandliteanais reatha** | | (3,093) | (2,864) |
| **Glandliteanais** | | **(2,927)** | **(2,735)** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **(2,927)** | **(2,735)** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luchái** [a] | | | |
| An 1 Eanáir 2023 [b] | 308 | 24 | 332 |
| Breiseanna | 112 | — | 112 |
| Diúscairtí | — | (14) | (14) |
| An 31 Nollaig 2023 | 420 | 10 | 430 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| An 1 Eanáir 2023 | 193 | 10 | 203 |
| Dímheas don bhliain | 61 | — | 61 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | — |
| An 31 Nollaig 2023 | 254 | 10 | 264 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **An 31 Nollaig 2023** | **166** | — | **166** |
| An 31 Nollaig 2022 | 115 | 14 | 129 |

Nótaí [a] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh 1 Eanáir 2021.

[b] An 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha go sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlánl |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 2,219 | 2,219 |
| Breiseanna | — | — |
| Aistrithe | — | — |
| Diúscairtí | — | — |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 2,219 | 2,219 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2023 | 2,219 | 2,219 |
| Amúchadh don bhliain | — | — |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | — | — |
| **Ar an 31 Nollaig 2023** | 2,219 | 2,219 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **An 31 Nollaig 2023** | — | — |
| An 31 Nollaig 2022 | — | — |

Nota [a] An 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha ó Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 879 | 948 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile | 7 | 4 |
| | **886** | **952** |

## 2.4 Fardail

| an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ábhar inchaite TF | 64 | 67 |
| | **64** | **67** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bogearraí agus cothabháil eile | 206 | 181 |
| Seirbhísí faisnéise | 72 | 63 |
| Taisteal agus cothú | 7 | — |
| | **285** | **244** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim pas taistil | 16 | 19 |
| Iarmhéideanna dochair eile á gcoinneáil ar fionraí | 480 | 371 |
| | **496** | **390** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí d'abhcóidí | 2,196 | 1,467 |
| Costais dlí ghinearálta | 911 | 1,563 |
| Costais Eile | 335 | 145 |
| | **3,442** | **3,175** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 573 | 514 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 232 | 200 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 394 | 453 |
| Cáin bhreisluacha | 17 | 30 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 120 | 104 |
| | 1,337 | 1,302 |
| Asbhaintí párolla Míreanna creidmheasa eileá gcoinneáil ar fionraí | 26 | 24 |
| | **1,363** | **1,326** |

## 2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,272 | 1,230 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (1,253) | (1,214) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **19** | **16** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 886 | 952 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 496 | 390 |
| | 1,382 | 1,342 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,337) | (1,302) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (26) | (24) |
| | (1,363) | (1,326) |
| | **19** | **16** |

## 2.10 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | (2,735) | (1,828) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 59,818 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,272) | | |
| Vóta glan | | | 58,546 | 50,047 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 3,042 | 3,145 |
| Caiteachas nach airgead tirim é –measchíos | 1 | | 2,025 | 2,025 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (63,805) | (56,124) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **(2,927)** | **(2,735)** |

## 2.11 Ceangaltais

| an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **91** | **27** |

Chomh maith leis an méid thuas, bhí ceangaltais ar an Oifig maidir le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltas sin a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí a bhaineann leo agus stádas na gcásanna amuigh.

## 2.12 Dliteantais aibithe

| an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | **53** | **21** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos san áireamh i gClár A, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar Meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | | €000 | €000 | | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 23,747 | | | | |
| | *Forlíontach* | (2,343) | | | | |
| | | | 21,404 | 20,484 | | 18,483 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 186 | 315 | | 174 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 1,145 | 1,243 | | 1,034 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 230 | 202 | | 205 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 1,181 | 844 | | 942 |
| vi | Speansais áitribh oifige | | 658 | 718 | | 513 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais eile | | 37 | 95 | | 27 |
| | | | **24,841** | **23,901** | | **21,378** |

### Athruithe suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 25% agus €100,000).

**ii. Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €186,000; toradh €315,000*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €129,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh mar gheall ar mhéadú ar chostas na foirne a fhónann thar lear le gníomhaireacht Eurojust agus costas fhoireann na hOifige a fhreastalaíonn ar shuíonna cúirte lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

**v. Trealamh oifige agus seirbhísí TF**

*Soláthar meastacháin €1.181 milliún; toradh €844,000*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €337,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh obair ar ár mbonneagar TF ag dul ar aghaidh chomh tapa agus a rabhthas ag súil leis. Tabharfar faoi seo anois in 2024.

## Clár A Soláthar Seirbhíse Ionchúisimh

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 23,747 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,343) | | | |
| | | | | 21,404 | 20,484 | 18,483 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 3,437 | 3,417 | 2,895 |
| A.3 | Táillí d'abhcóidí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,028 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,884 | | | |
| | | | | 23,912 | 24,115 | 20,072 |
| A.4 | Costais dlí ghinearálta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,446 | | | |
| | | *Forlíontach* | 727 | | | |
| | | | | 2,173 | 1,913 | 1,095 |
| A.5 | Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,420 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,232 | | | |
| | | | | 9,652 | 9,516 | 8,333 |
| | | | | **60,578** | **59,445** | **50,878** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.3** ***Táillí d'abhcóidí***

*Soláthar meastachán bunaidh €19.028 milliún; toradh €24.115 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €5.09 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh mar gheall ar an líon méadaithe cásanna atá liostaithe le héisteacht ag na cúirteanna tar éis níos mó breithiúna a cheapadh.

**A.4** ***Costais dlí ghinearálta***

*Soláthar meastachán bunaidh €1.446 milliún; toradh €1.913 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €467,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh mar gheall ar líon beag cásanna a raibh costas ná mar is gnách ag baint leo.

**A.5** ***Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla***

*Soláthar meastachán bunaidh €8.42 milliún; toradh €9.516 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €1.1 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh mar gheall riaráistí a taobhaíodh faoi chonradh na nAturnaetha Stáit a íoc.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | 42 | 30 | 52 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 717 | 867 | 779 |
| 3 | Ilghnéitheach | 1 | 2 | — |
| | **Iomlán** | **760** | **899** | **831** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000).

2 ***Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí***

Tharla an méadú ar chaiteachas de €150,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh mar gheall ar an méadú ar thuarastail agus ar phá ar an mbliain roimhe sin.

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais faoi Ailt 4 agus 61 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 | 1,221 | — |
| Aistrithe go dtí an Státchiste | (1,221) | — |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéisí Lánaimseartha** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **263** | **230** |

### 5.2 Pá

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 18,520 | 16,709 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 180 | 198 |
| Ragobair | 7 | 7 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,777 | 1,569 |
| **Pá iomlán** | **20,484** | **18,483** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair ab airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2023** | **2022** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 36 | 7 | 32,399 | 36,451 |
| Ragobair | 8 | — | 2,533 | 2,387 |
| Luach saothair breise i níos mó ná aon chatagóir amháin | 1 | — | 3,884 | — |

## 5.4 Foireann oifige de réir banda pá

Tháinig laghdú idir €20,000 agus €59,999 ar líon na bhfostaithe Oifige ar tháinig a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas mar a leanas.

| Banna Pá | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó (€)** | **Go (€)** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 122 | 122 |
| 60,000 | 69,999 | 17 | 21 |
| 70,000 | 79,999 | 30 | 27 |
| 80,000 | 89,999 | 26 | 24 |
| 100,000 | 109,999 | 19 | 15 |
| 110,000 | 119,999 | 9 | 6 |
| 120,000 | 129,999 | 15 | 11 |
| 130,000 | 139,999 | 4 | 3 |
| 140,000 | 149,999 | — | 2 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | — |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 2 |
| 170,000 | 179,999 | 4 | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | 1 | 1 |

## 5.5 Socruithe luacha saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €246,265 (2022: €188,642) i leith beirt oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Oifig sa bhliain 2023 agus ar íocadh a thurastal ó fhotheideal A.1.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 12 | 16,668 | 13,422 |
| Pleananna aisghabhála I bhfeidhm | 7 | 8,824 | 12,008 |

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Bunphá | | |
| Liz Howlin – ceaptha ar 7 Lúnasa 2021/ceapachán tugtha chun críche 30 Samhain 2022 | — | 158,319 |
| Marion Berry – ceaptha an 1 Nollaig 2022 [a] | 202,116 | — |
| Liúntais | | |
| Liz Howlin | — | 11,494 |
| | **202,116** | **169,813** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas.

Is baill de scéimeanna aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe iad na daoine ar fad dá dtagraítear thuas, agus ní théann a dteidlíochtaí chuige sin thar ghnáth-théarmaí na scéime ábhartha.

Nóta [a] Fuair Marion Berry a céad íocaíocht párolla i mí Eanáir 2023.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **Total** | **Total** |
| Líon cásanna | — | 1 |
| | **€000** | **€000** |
| Costais dlí de chuid na hOifige | — | 5 |
| Íocaíochtaí a rinne anOifig/ a rinneadh thar a ceann | | |
| Cúiteamh | — | 23 |
| Costais dlí | — | 12 |
| **Iomlán** | — | **40** |